



Nuashonrú ar an Scéim Ath-implonaithe do Chúntóirí Riachtanas Speisialta (SNAanna)

I mí Aibreáin 2025, d'fhógair an tAire Oideachais agus Óige, Helen McEntee TD, agus an tAire Stáit atá freagrach as Oideachas Speisialta agus Cuimsiú, Michael Moynihan TD, go raibh tús curtha leis an obair chun [Scéim Ath-Implonaithe um Chúntóirí Riachtanas Speisialta \(CRSanna\)](#), a bhunú. Tá an tionscnamh suntasach seo beagnach tugtha chun críche anois.

Aithnítear gur tasc suntasach é an tasc seo agus ag teacht leis an obair ar an gcéad Phlean um Fhorbairt Fórsa Saothair CRS, beidh an Scéim Ath-Implonaithe um CRSanna á feidhmiú ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, atá freagrach as leithdháileadh Chúntóirí Riachtanas Speisialta (CRSanna) ar scoileanna a bhainistiú agus as a chinntiú go ndéantar acmhainní CRSanna a leithdháileadh ar na leanaí a bhfuil an leibhéal riachtanais is mó acu. Tacóidh an tAonad um Fhorbairt Fórsa Saothair CRS agus aonaid ábhartha laistigh den Roinn Oideachais agus Óige le CNOS.

Tá ról tábhachtach ag CRSanna maidir le cuimsiú rathúil daltaí a bhfuil riachtanais shuntasacha cúraim acu i scoileanna. Mar thoradh ar an scéim seo, den chéad uair, féadfar CRSanna i scoileanna ina bhféadfadh sé nach mbeadh a ról ag teastáil a thuilleadh mar gheall ar chúiseanna amhail níos lú scoláirí, riachtanais chúraim níos ísle, nó athruithe déimeagrafacha, a ath-implonú anois chuig scoileanna a dteastaíonn níos mó tacaíochta CRS uathu nó a bhfuil folúntais do phoist mar CRSanna acu, faoi mar a aithníonn CNOS.

Cuirfear tús le feidhmiú na scéime Ath-implonaithe um CRSanna le linn scoilbhliain 2025/26 bunaithe ar aiseolas ó réimse leathan de pháirtithe leasmhara. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfanfaidh CRSanna i bpoist iomarcacha a aithníodh trí phróiseas CNOS um Athbhreithniú CRSanna sa scoil ábhartha don chuid eile den bhliain acadúil. Faoi réir folúntas oiriúnach a shainithint agus ag glacadh leis nach dtiocfaidh aon athrú ar leithdháilí CRSanna idir an dá linn, déanfar iad a ath-implonú chuig post nua ina dhiaidh sin i mí Mheán Fómhair 2026. Leanfar ar aghaidh ag athbhreithniú na scéime agus d'fhéadfaí forálacha a mhionathrú sna blianta amach romhainn mar fhreagairt ar aiseolas.

Foilseofar nuashonruithe agus sonraí deiridh na Scéime Ath-implonaithe um CRSanna, lena n-áirítear ciorclán cuimsitheach agus treoirlínte, ar shuíomh gréasáin CNOS agus ar Mhol Faisnéise CRS ar www.gov.ie de réir mar a théann an obair ar aghaidh.

Cuirfidh CNOS tacaíocht ar fáil do scoileanna agus do CRSanna freisin trí sheimineáir ghréasáin a óstáil chun tuilleadh soiléireachta a sholáthar maidir le feidhmiú na Scéime Ath-implonaithe um CRSanna. Moltar do scoileanna agus do CRSanna aon cheisteanna/fhiosruithe a ardú lena n-ionadaithe foirne agus lena gcomhlachtaí bainistíochta ionas gur féidir leis an Roinn agus CNOS aghaidh a thabhairt orthu le chéile le linn comhairliúcháin rialta, roimh sheoladh na Scéime agus nuair atá sí á feidhmiú le linn scoilbhliain 2025/26.

Coimeádfaidh CNOS taifid de scoileanna a bhfuil méadú nó laghdú tagtha ar a leithdháilí CRS chomh maith le folúntais a eascraíonn as próiseas athbhreithnithe 2025/26. [1] Sa chás go bhféadfadh athrú



teacht ar leithdháileadh scoile mar thoradh ar athbhreithnithe, déanfar iad sin a bhreithniú mar chuid den phróiseas ath-implonaithe CRSanna do scoilbhliain 2025/26. Cuirfidh an cur chuige sin ar chumas na CRSanna atá i gceist leanúint ar aghaidh ag tacú leis an scoil go dtí go mbeidh an Scéim Ath-implonaithe um CRSanna ag feidhmiú go hiomlán. Rachaidh CNOS i dteagmháil le scoileanna agus le CRSanna a bhfuil tionchar ag athruithe ar a leithdháileadh orthu agus treorófar iad trí na céimeanna riachtanacha.

Tá an Socrú Sannacháin Fhorlíontaigh (SAA) fós i bhfeidhm do scoilbhliain 2025/26, mar atá leagtha amach i [gCiorclán 0043/2025](#) de chuid na Roinne Oideachais agus Óige. Forbraíodh an córas seanbhunaithe seo le deich mbliana anuas agus tacaíonn sí le CRSanna a bhfuil taithí acu chun leanúint den fhostaíocht nuair a bhíonn tionchar ag leithdháileadh athbhreithnithe scoile ar a bpost reatha. Is iomchuí go bhfanfaidh an SAA i bhfeidhm le linn na hidirthrímhse seo lena chinntiú go leanfaidh CRSanna ag baint tairbhe as a fhorálacha ag pointí iomchuí le linn oibriú na Scéime Ath-implonaithe um CRSanna. Cuirfear tuilleadh sonraí ar fáil faoin gcaoi a n-oibreoidh an Scéim Ath-implonaithe um CRSanna agus an SAA i dteannta a chéile sa chiorclán maidir le hAth-implonú CRSanna atá le teacht.

Tá sé mar aidhm ag an tionscnamh tábhachtach beartais seo a chinntiú go gcoinnítear CRSanna atá inniúil, eolach agus a bhfuil taithí acu inár scoileanna, ag cur le hacmhainn san fhórsa saothair agus ag cur leis an tseirbhís a chuirtear ar fáil do scoláirí agus do scoileanna.

Oibreoidh an Scéim Ath-implonaithe um CRSanna in éineacht leis an obair leanúnach ar an gcéad Phlean um Fhorbairt Fórsa Saothair CRS, a thacaíonn leis an gcuspóir maidir le seirbhís fheabhsaithe CRS a chur ar fáil a sholáthraíonn an toradh is fearr do leanaí a bhfuil riachtanais shuntasacha cúraim acu inár scoileanna.

[1] <https://ncse.ie/special-needs-assistants>